



<b>Coláiste   Aonad Bainistíochta:</b>	Coláiste na nEolaíochtaí Sláinte agus Talmhaíochta UCD
<b>Scoil   Aonad:</b>	An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre
<b>Teideal an Phoist &amp; Réimse Ábhair (más ábhartha):</b>	<b>Anailísí Sinsearach</b>
<b>Tréimhse an Phoist:</b>	Post Buan (Painéal 12 mhí Buan agus Sealadach T&C ceangailte)
<b>Bainisteoir Líne:</b>	Príomh-Anailísí nó Ainmní
<b>Grád:</b>	7322 - 95 Bithcheimiceoir Sinsearach_2013 (2010)
<b>Uimhir Thagartha an Chomórtais:</b>	018427
<b>Riarthóir Acmhainní Daonna:</b>	Nicola Manley

### Achoimre ar an bPost:

Cuirtear fáilte roimh iarratais ó dhaoine atá cáilithe go cuí le haghaidh Anailísí Sinsearach sa chlár Tocsaineolaíochta ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Tá freagrachtaí reachtúla ar an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre maidir leis an tástáil cheimiceach do mheisciúla i dtiomáint agus feidhmeanna gaolmhara.

Cuimsíonn an ról na nithe seo a leanas agus níl sé teoranta dóibh:

- An anailís ar eiseamail a fuarthas faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre.
- Tacú le trealamh a sholáthar chun eiseamail den sórt sin a thógáil.
- Tacú le sláine fhóiréinseach na n-eiseamail a fuarthas le haghaidh anailíse sa Bhiúró.
- Tacú leis an gCeann-Anailísí agus leis an bPríomh-Anailísí i mbainistiú an chlár tástála drugaí.

Tuairisceoidh an post seo go díreach do Phríomh-Anailísí. Cabhróidh an duine leis an bPríomh-Anailísí i mbainistiú laethúil an Chláir Tocsaineolaíochta. D'fhéadfadh dualgais agus freagrachtaí a bheith faoi réir athraithe thar thréimhse ama / d'fhéadfadh siad a bheith faoi réir athbhreithnithe.

### Príomhdualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

- Dualgais a chomhlíonadh go sásúil atá leithdháilte ag an gCeann agus/nó ag an bPríomh-Anailísí nó ag a (h)ainmní agus a dhéanann ionadaíocht in amanna ar son an Cheann Anailísí.
- Chun oiliúint, monatóireacht, meantóireacht agus comhairle a thabhairt d'Anailísithe maidir le tascanna eolaíoch.
- Ualach oibre agus sreabhadh oibre a phleanáil agus a eagrú i limistéar sannta.
- Comhlíonfar gach dualgas nuair is cuí de réir nósanna imeachta scríofa na saotharlainne.
- Trealamh saotharlainne agus ionstraimíocht a oibriú agus cur leis an gcothabháil sin.
- Sláinte, Sábháilteacht agus Leas sa Bhiúró a chomhlíonadh agus cur leis.
- Beartas an Bhiúró maidir le faisnéis rúnda a chomhlíonadh.
- A bheith páirteach i dtionscadail forbartha agus taighde neamhghnáthaimh.
- Freastal ar an gCúirt mar fhinné gairmiúil saineolach.

- Páirt a ghlacadh in oiliúint ghairmiúil agus páirt a ghlacadh sna socruithe intí maidir le hoiliúint/oideachas leanúnach na foirne lena n-áirítear coinneáil cothrom le dáta le dul chun cinn reatha litríochta agus teicneolaíochta.

#### **Anailís ar Eiseamail faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre**

- Anailís ar eiseamail fola agus fuail tógtha faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, ag LCMSMS, GCMSMS agus teicnící eile.
- Cabhrú le hionstraimíocht agus trealamh a sholáthar agus a shuiteáil.
- Fabhtcheartú a dhéanamh ar ionstraimíocht agus ar obair neamhchomhréireach.
- Réitigh agus caighdeán a ullmhú le húsáid san anailís.
- Deimhniú Biúró a eisiúint.
- Measúnú agus tástáil ar shláine eiseamail a dhéanamh.
- Anailís arna ndéanamh ag daoine eile a údarú.

#### **Trealamh scagthástála meisciúla cois bóthair**

- Gléasanna agus trealamh cois bóthair a sheiceáil, a chalabhrú agus a eisiúint.

#### **Dearbhú Cáilíochta**

- Feidhmíonn an tsaotharlann Córas Cáilíochta go caighdeán creidiúnaithe ISO 17025 don chuid is mó dá fheidhmeanna anailíse. Ní mór do shealbhóir an phoist a bheith réamhghníomhach maidir le gach gné de sheirbhís chreidiúnaithe ar ardchaighdeán a chur chun cinn agus cabhrú leis an mBainisteoir Cáilíochta. Níos anaimeachta caighdeánacha oibriúcháin a scríobh, a athbhreithniú agus cloí leo agus gníomhaíochtaí taifeadta ar an gcóras bainistíochta cáilíochta (Paraidím).

#### **Córas Bainistíochta Faisnéise Saotharlainne (LIMS)**

- Ní mór do shealbhóir an phoist cúnaimh a thabhairt chun an córas LIMS a imscaradh agus a fhorbairt.
- Anailís sonraí ag baint úsáide as Tabló agus uirlisí anailíse sonraí eile.

#### **Eile**

- A bheith páirteach i bhfeabhsú na seirbhíse a chuirtear ar fáil trí mhodhanna nua a mheas agus a chur i bhfeidhm, caighdeán seirbhíse a leagan síos, agus forbairtí agus nuálaíochtaí foilsithe a mheas.
- A bheith páirteach le pearsanra forfheidhmithe oiliúna maidir le gléasanna agus trealamh tástála meisciúla a úsáid.
- Ábhair inchaite/comhpháirteanna a thiomsú agus a thástáil le húsáid sa tsaotharlann nó le heisiúint chuig na Gardaí.
- Aon dualgais eile is iomchuí don phost a chomhlíonadh de réir mar a shannfar.

#### **Sainiúil don phost seo:**

Toisc go bhfuil an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre i mbun anailíse alcóil, ní féidir aon alcól ina bhfuil substaintí a thabhairt isteach nó a chaitheamh, i.e. lóis iarbhearrtha, díbholaíoch, cumhrán, etc. Ba chóir cead a fháil ó Stiúrthóir an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre nó óna (h)ainmní sula n-úsáidfead cógais nó aon substaint a bhféadfar alcól a bheith iontu. Ní féidir aon mheisciúla a chaitheamh le linn duit a bheith ag obair agus tá sé riachtanach nach mbeidh tú faoi thionchar meiscigh. Ní cheadaítear caitheamh tobac in áit ar bith ar champas UCD.

#### **95 Bithcheimiceoir Sinsearach\_2013 (2010) (7322) Tuarastal: €66,667 - €88,021 in aghaidh na bliana**

Déanfar ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilteacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis phinsin ar fáil ag <https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/>

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Fáiltimid roimh iarratais ó gach duine, lena n-áirítear iad siúd a shamhlaíonn iad

féin le haon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Tuilleadh eolais faoin Éagsúlacht ag <https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/>

Soláthrófar socruithe réasúnta d'aon iarratasóir le linn an phróisis agallaimh a nochtar go bhfuil míchumas nó néar-éagsúlacht acu.

### **Critéir Roghnúcháin**

Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir seo.

### Éigeantach:

#### **Taithí agus Cáilíochtaí**

- Íosmhéid Onóracha B.Sc sa Cheimic/Bithcheimic/Tocsaineolaíocht/Eolaíocht Anailíseach nó cáilíocht choibhéiseach go leibhéal 8 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí ar a laghad nó níos airde agus íosmhéid de thrí bliana de thaithí ábhartha laistigh de shaotharlann fhóirínseach na tocsaineolaíochta nó d'institiúid ghaolmhar.
- Tuiscint dhomhain ar dhearbhu cáilíochta faoi ISO 17025 agus an cumas cur le bainistiú an chórais cáilíochta sa Bhiúró.

#### **Inniúlachtaí Feidhmiúla**

Tuiscint ar na coincheapa, na prionsabail agus na cleachtais a bhaineann leis an Inniúlacht Fheidhmeach seo a leanas:

- **Tacaíocht, Treoir agus Comhairle:** Soláthraíonn sé tacaíocht, treoir agus comhairle d'Anailísithe, do chomhaltaí an Gharda Síochána, don phobal, d'oifigigh rialtais agus d'fhorais dlí i gcásanna neamhfhoirmiúla agus foirmiúla araon.
- **Eolas teicniúil:** Ardchaighdeán eolais theicniúil, taithí agus cumas fabhtcheartaithe i réimse GSMSMS agus/nó LCMSMS.
- Eolas ar mheitibileacht drugaí agus éifeachtaí lagaithe a bhaineann le tiomáint.
- Réiteach agus taithí chaighdeánach ullmhúcháin le scileanna praiticiúla saotharlainne den scoth.
- Forbairt ghairmiúil leanúnach cruthaithe lena n-áirítear coinneáil cothrom le dáta le forbairtí teicneolaíochta agus tástála sa réimse reatha.
- Eolas ar dhea-chleachtas saotharlainne.
- Taithí ag déanamh anailíse ar mhaitrísí éagsúla le haghaidh drugaí.
- Aird den scoth ar scileanna mionsonraithe.
- Tuiscint ardleibhéil ar riachtanais a bhaineann le saotharlann anailíseach fóirínseach.
- Taithí ar an gCóras Bainistíochta Faisnéise Saotharlainne (LIMS).

#### **Príomhinniúlachtaí**

- **Athrú a Bhainistiú:** Cumas chun feabhsuithe a fhorbairt agus athrú i dtimpeallacht ghnóthach oibre a bhainistiú
- **Caidrimh a Fhorbairt:** Scileanna láidre idirphearsanta leis an gcumas caidrimh oibre éifeachtacha a fhorbairt, go himmheánach agus go seachtrach le sárscileanna foirne.
- **Ceannaireacht:** Cumas a bheith chun tosaigh i dtionscadail nó i bpróisis agus an cumas chun tacú le hAnailísithe i gcáil cheannaireachta Anailísithe.
- **Feasacht Eagraíochtúil:** Tuiscint ar MBRS a léiriú ina fheidhmeanna, struchtúir, nósanna imeachta agus rialacháin eolaíoch.
- **Pleanáil & Eagrú:** Dea-cumas chun obair an Anailísí agus a gcuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú go héifeachtach agus tosaíochtaí soiléire a leagan síos agus a chinntiú go ndéantar obair ar ardchaighdeán agus go gcomhlíontar spriocdhátaí.

- **Cumarsáid Éifeachtach:** Dea-scileanna cumarsáide léirithe trí a bheith páirteach i gcumarsáid scríofa agus ó bhéal atá soiléir, gan athbhí, trédhearcach, agus comhsheasmhach le próisis agus luachanna MBRS. Cumas aiseolas a sholáthar agus a fháil ar bhealach cuiditheach.
- **Tionscnamh a Fhorbairt:** Scileanna ceannaireachta cruthaithe agus an cumas dul i mbun tionscnamh.
- **Fócas Seirbhíse & Nuálaíocht:** Cumas maith léirithe chun riachtanais seirbhíse a thuiscint agus a réamh-mheas agus chun ionchais na bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha go léir a chomhlíonadh.
- **Rúndacht:** Tuiscint ar GDPR agus an riachtanas maidir le rúndacht agus gealltanas chun cloí le beartais agus cleachtas rúndachta.
- **Critéir Éigeantacha mar chuid de Chlár Oibre UCD um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú:** Ní mór d'iarrthóirí clár oibre feasachta ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a léiriú.

#### Inmhianaithe:

- Eolas ar nósanna imeachta seomra cúirte agus taithí mar fhinné saineolach.
- Taithí a bheith i gceannas ar fhoireann go héifeachtach.
- Scileanna teagaisc i ngrúpaí beaga.
- Taithí forbartha LIMS.
- Taithí iniúcháireachta ar ardchaighdeán.

#### **Eolas Breise:**

An Ollscoil:	<a href="https://www.ucd.ie/">https://www.ucd.ie/</a>
Straitéis 2030 UCD: Teorainneacha a Shárú	<a href="https://strategy.ucd.ie/">https://strategy.ucd.ie/</a>
An Coláiste/Aonad Bainistíochta:	<a href="https://www.ucd.ie/chas/">https://www.ucd.ie/chas/</a>
An Scoil/Oifig an Chláir/Aonad:	<a href="https://www.ucd.ie/mbrs/">https://www.ucd.ie/mbrs/</a>
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD:	<a href="https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/">https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/</a>

#### **Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**

Ainm:	Helen Kearns
Teideal:	Príomh-Anailísí
Seoladh Ríomhphoist:	<a href="mailto:helen.kearns@ucd.ie">helen.kearns@ucd.ie</a>